Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025
(OR. en, it)

16541/25
PV CONS 66
SOC 834
EMPL 548
SAN 817
CONSOM 286
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

1 agus 2 Nollaig 2025

**<u>CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 1 NOLLAIG 2025</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 15627/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 15840/25

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Iarscríbhinn agus san Aguisín.

<u>FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA</u>

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Athbhreithniú ar Threoir 2004/37/CE maidir le carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú baisc)** ❶C 15222/25
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chur chuige ginearálta maidir leis an séú hathbhreithniú ar an Treoir thuasluaite mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad thuas é.

Thíolaic <u>an Bheilg</u> ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**4. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 (CED) a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu** ❶C 15276/1/25 REV 1 + REV 1 ADD 1 + 15276/25 ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán thuasluaite mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 15276/1/25 REV 1 é.

Thíolaic <u>an Ungáir</u> agus <u>an Coimisiún</u> ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

5. **Simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú a bhaint amach sna réimsí fostaíochta agus sóisialta**[1] ⧉ 15245/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, faoi threoir nóta ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

## Plé reachtach
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

6. **Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme (Airteagal 19)** SC 14921/25
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Treoir thuasluaite, mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite í.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

7. **Conclúidí maidir leis an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a bheidh ann amach anseo**[2] ⧉ 15221/25
*Formheas*

Níor fhormheas an Chomhairle na conclúidí. Eisíodh conclúidí ón Uachtaránacht ar bhonn 15221/25 le tacaíocht ó 26 thoscaireacht.

8. **Seimeastar Eorpach 2026: Cuimsiú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn trí bheartais chomhleanúnacha shóisialta agus tithíochta** ⧉ 15226/25
*Seisiún tuairimíochta*

   a) **Pacáiste an Fhómhair**
   *Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne an Coimisiún ar Phacáiste an Fhómhair do Sheimeastar Eorpach 2026.

---

[1] Ar fhreastail cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta air mar bhreathnóirí.

[2] Ar fhreastail Cathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) air mar bhreathnóir.

(b) **Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach ar fud Bhallstáit an Aontais** — 14905/25
*Formhuiniú*

D’fhormhuinigh <u>an Chomhairle</u> na príomhtheachtaireachtaí thuasluaite, mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite iad.

(c) **Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas** — 14896/25, 14901/25
*Formhuiniú*

D’fhormhuinigh <u>an Chomhairle</u> na príomhtheachtaireachtaí thuasluaite, mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

(d) **Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú** — 14891/1/25 REV 1
*Formhuiniú*

D’fhormhuinigh <u>an Chomhairle</u> na príomhtheachtaireachtaí thuasluaite, mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite iad.

(e) **Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir le feabhas a chur ar raon feidhme agus ábharthacht an bhailithe sonraí, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, i ndáil leis an idirphlé sóisialta** — 14880/25
*Formhuiniú*

D’fhormhuinigh <u>an Chomhairle</u> an tuairim thuasluaite ó EMCO, mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite í.

<u>**Aon ghnó eile**</u>

9. (a) **Cruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach mhí Dheireadh Fómhair 2025**[3] — 15191/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

---

[3] Ar fhreastail cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta air mar bhreathnóirí.

(b) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Treoir maidir le tréimhsí oiliúna** 8148/1/24 REV 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(c) **Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna** 8155/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(d) **Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh** 15190/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

(e) **Na príomhchonclúidí ó Fhóram Sóisialta Porto a bhí ar siúl an 18 agus an 19 Meán Fómhair 2025** 15189/25
*Faisnéis ón bPortaingéil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil.

(f) **Imeachtaí Uachtaránachta**[4] 15192/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(g) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón gCipir*

4 Ar fhreastail cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta air mar bhreathnóirí.

**<u>CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 2 NOLLAIG 2025</u>**

<u>SLÁINTE</u>

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**10. An Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla** ❶C 15503/25 + ADD 1 REV 1
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chur chuige ginearálta maidir leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 15503/25 é.

Thíolaic <u>an Bhulgáir</u> agus <u>an Iodáil</u> ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo iad.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**11. a) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** ❶C

**An pacáiste cógaisíochta**

**(i) An Treoir maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine** 8759/23 + ADD 1

**(ii) Rialachán lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach** 8758/23 + ADD 1

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**b) Tuarascáil bhliantúil 2025 ar dhul chun cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú (an tSláinte)** 2 14737/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

c) **Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac: an 11ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 11) (an Ghinéiv, an 17–22 Samhain 2025)** 15279/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

d) **Plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais maidir le géarchéimeanna sláinte** 15316/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

e) **Plean nua an Aontais um Shláinte Chardashoithíoch** 15365/1/25 REV 1
*Faisnéis ón tSeicia, le tacaíocht ón gCróit, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin, ón Spáinn agus ón Ungáir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a thug an tSeicia, le tacaíocht ón gCróit, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin, ón Spáinn agus ón Ungáir.

f) **An Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh - Staidéar Costais** 15367/1/25 REV 1
*Faisnéis ón tSeicia, le tacaíocht ón gCróit, ón Eastóin, ó Éirinn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin, ón tSualainn agus ón Ungáir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia ar fáil, le tacaíocht ón gCróit, ón Eastóin, ó Éirinn, ón nGearmáin, ó Laitvia, ón Liotuáin, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin, ón tSualainn agus ón Ungáir, agus le tacaíocht ó bhéal ón bhFionlainn.

g) **Straitéis an Aontais maidir leis an aeráid agus an tsláinte** 15753/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Ísiltír, le tacaíocht ón gCróit, ón Eastóin, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Ostair, ón tSeicia, ón tSlóivéin, ón Spáinn agus ón Ungáir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil, le tacaíocht ón gCróit, ón Eastóin, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Ostair, ón tSeicia, ón tSlóivéin, ón Spáinn agus ón Ungáir, le tacaíocht ó bhéal ón bPortaingéil.

**h)** **An tAontas Sláinte Eorpach mar cholún lárnach chun iomaíochas agus slándáil an Aontais a fheabhsú** [F2] 15868/1/25 REV 1
*Faisnéis ón tSlóivéin agus ón Spáinn, le tacaíocht ón gCróit, ó Éirinn, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSeicia, ón tSlóvaic agus ón Ungáir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a thug an tSlóivéin agus an Spáinn, le tacaíocht ón gCróit, ó Éirinn, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSeicia, ón tSlóvaic agus ón Ungáir.

**i)** **Comhdhálacha na huachtaránachta** [F2] 15124/25
*Eolas ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**j)** An chaibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí 14653/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

(k) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón gCipir*

---

[1] An chéad léamh

[S] Nós imeachta reachtach speisialta

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[F2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 15627/25**

| | |
|---|---|
| **Aguisín 'B' mír 3:** | **Athbhreithniú ar Threoir 2004/37/CE maidir le carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú baisc)**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN mBEILG**

**'Measann an Bheilg gur den tábhacht é go mbeadh ardchaighdeán cosanta ann don tsláinte agus don tsábháilteacht san ionad oibre.** Beidh an séú hathbhreithniú ar Threoir 2004/37 ina chúnamh agus feabhas á chur ar chosaint na n-oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do shubstaintí carcanaigineacha breise ar fud an Aontais Eorpaigh.

Déantar teorainnluachanna nochta ceirde a shocrú de bharr **próiseas atá bunaithe ar thuairimí eolaíocha agus socheacnamaíocha** atá fíor-riachtanach i gcónaí d'inchreidteacht chreat an Aontais maidir le cosaint oibrithe.

Mar sin féin, measann an Bheilg gur den ríthábhacht é freisin **comhleanúnachas a áirithiú ar fud bheartais an Aontais**. Sa chomhthéacs sin, sainaithníodh an t-iomaíochas mar phríomhphrionsabal treorach i dtaobh ghníomhaíocht an Aontais, go háirithe sna conclúidí a d'eisigh an Chomhairle Eorpach le déanaí agus i gcomhthéacs an aistrithe thionsclaíoch agus ghlais i gcoitinne.

I ndáil leis an méid sin, leagann an Bheilg béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh ar chomhaid a scrúdaítear faoi shainchúram EPSCO **i gcomhréir le tionscnaimh straitéiseacha eile de chuid an Aontais**, mar shampla, an **Gníomh um Amhábhair Chriticiúla**, cur chuige na h**Uathrialach Straitéisí Oscailte**, agus na hiarrachtaí chun uathriail straitéiseach na hEorpa a neartú i slabhraí luacha criticiúla.

**Dá bhrí sin, is dúshlán barrthábhachtach í slándáil an tsoláthair freisin**, go háirithe i ndáil le hamhábhair chriticiúla, cóbalt, mar shampla. Sa chomhthéacs sin, measann an Bheilg gur den tábhacht é go bhfuil **leasanna tionsclaíocha náisiúnta sonracha** i slabhra luacha an chóbailt, a bhfuil ról ríthábhachtach aige in éiceachóras teicneolaíochta glaise na hEorpa.

Sa chomhad seo, aithnítear sa mheasúnú tionchair féin go bhfuil 20 µg Co/m$^3$ an-dian cheana féin mar theorainnluach nochta ceirde i gcás cóbailt. Má táthar le haon leibhéal níos doichte a shocrú, beidh gá le hidirthréimhsí fada i ngeall ar an **ardleibhéal infheistíochta agus nuálaíochta a d'fhéadfadh a bheith de dhíth**.

Measann an Bheilg gur den ríthábhacht é go mbeidh **na hidirthréimhsí réalaíoch agus inchreidte**, sa chaoi is go mbeidh dóthain ama ag cuideachtaí, go háirithe iad siúd atá ag feidhmiú in earnálacha straitéiseacha, oiriúnú agus infheistíochtaí a dhéanamh agus gach ceanglas a chomhlíonadh ar bhealach atá indéanta i bhfianaise na timpeallachta geostraitéisí reatha.

Iarrann an Bheilg ar **na comhreachtóirí agus ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an t-iomaíochas tionsclaíoch** a réiteach go leormhaith le cuspóir dlisteanach chosaint na n-oibrithe i gcomhthéacs na gcruinnithe tríthaobhacha idirinstitiúideacha atá ar na bacáin. Ina theannta sin, ní mór **an anailís shocheacnamaíoch a neartú** i ndáil le haon reachtaíocht a bheidh ann amach anseo má táthar le cur chuige cothrom idir an uaillmhian shóisialta agus an inoiriúnaitheacht thionsclaíoch a áirithiú.'

| | |
|---|---|
| <u>**Aguisín 'B' mír 4:**</u> | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 (CED) a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Aithníonn an Ungáir agus cuireann sí chun cinn an comhionannas idir fir agus mná i gcomhréir le Dlí Bunúsach na hUngáire agus i gcomhréir le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíníonn an Ungáir an téarma "inscne" mar thagairt do "gnéas" sa *Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 (CED) a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu.'*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Maidir le togra 7721/25 le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe dá ndéantar difear mar thoradh ar iomarcaíocht atá ar tí tarlú i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu ("Leasú ar Rialachán CED"), cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach leagtar síos leis aon riail earnáilsonrach nua maidir le hoibleagáidí rialaithe, iniúchóireachta agus téarnaimh na mBallstát de réir na rialacha a leagtar amach i Rialachán Airgeadais (AE, Euratom 2024/2509).'

| | |
|---|---|
| **<u>Aguisín 'B' mír 10:</u>** | **An Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Measann an Bhulgáir go bhfuil infhaighteacht *cógas* inacmhainne, sábháilte, éifeachtach agus ar ardchaighdeán ar cheann de phríomhthosaíochtaí an bheartais sláinte náisiúnta. Is amhlaidh atá freisin i gcás cóireálacha a mheastar a bheith *criticiúil* ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal náisiúnta.

I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh i gcoitinne é uaillmhian an Ghnímh Eorpaigh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla tacú le monarú cógas leighis criticiúil san Eoraip. Mar sin féin, **ní thacaíonn comhchiste Eorpach leis an uaillmhian sin, a maíodh gur sprioc choiteann Eorpach í.**

Táimid den bharúil i gcónaí **nach cuí agus nach leor an bunús dlí atá molta - Airteagal 114 CFAE** - i bhfianaise chuspóirí sonraithe an togra, eadhon, infhaighteacht táirgí íocshláinte criticiúla, agus infhaighteacht agus inrochtaineacht "táirgí íocshláinte leasa choitinn" a neartú laistigh den Aontas.

Ar an gcéad dul síos, níl "bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh" mar fhíorchuspóir ag na bearta atá molta ach is cosúil go bhfuil siad dírithe ar infhaighteacht agus inrochtaineacht cógas a choimirciú, mar chuid de bheartais sláinte. Ar an dara dul síos, is dócha go gcuirfidh cuid de na bearta atá beartaithe srian ar dhiscréid na mBallstát maidir le buiséid náisiúnta cúraim sláinte a chaitheamh mar a shocraítear in 168(7) CFAE, agus ar an gcaoi sin dul timpeall go héifeachtach ar an toirmeasc sainráite ar chomhchuibhiú a leagtar amach in Airteagal 168(5) CFAE. Ar an tríú dul síos, ní cuspóir ann féin é an ceanglas ginearálta a leagtar amach in Airteagal 114 CFAE chun ardleibhéal cosanta sláinte a áirithiú, *inter alia*, ach is coimirce é chun tionchar díobhálach ar an tsláinte, ar an tsábháilteacht, ar an gcomhshaol etc. a chosc.

Tá soláthar poiblí cógas le buiséid phoiblí ina dhlúthchuid de bheartais sláinte náisiúnta agus ba cheart leanúint dá rialú dá réir, i gcomhréir leis na tosaíochtaí agus na hacmhainní náisiúnta atá ar fáil. Ní athraíonn stádas "criticiúil" táirgí íocshláinte áirithe a gcineál bunúsach mar chógais agus cóireálacha. Dá bhrí sin, ní féidir leis an tsaintréith sin amháin údar a thabhairt le macasamhlú an chreata dhlíthiúil is infheidhme maidir le catagóirí éagsúla táirgí criticiúla.

Ar an iomlán, is cosúil gur iarracht é Airteagal 114 a roghnú mar bhunús dlí chun beartais sláinte a chur faoi réir loighic an mhargaidh inmheánaigh. Is dócha go mbeidh iarmhairtí diúltacha aige sin ar an gcúram sláinte san Eoraip. **In éagmais measúnú tionchair, ní léir fós cé an "saobhadh" ar an margadh inmheánach a ndírítear air leis na bearta atá molta. Ag an am céanna, is é an tionchar iarbhír a bheidh ag cuid de na bearta ná "saobhadh" réiteach náisiúnta atá i gcroílár na mbeartas sláinte, chomh maith le saobhadh iomaíochta.**

D'ainneoin na ndea-rún, ní hamháin go bhfuil roinnt beart, soláthairtí deonacha comhoibríocha nó comhpháirteacha (Caibidil IV, Roinn II) mar shampla ar neamhréir le bunús dlí comhchuibhithe ach d'fhéadfadh éifeacht shuaiteach a bheith acu ar bheartais sláinte náisiúnta agus ar bhuiséid cúraim sláinte náisiúnta trí phraghas aonair a bheith ann do thíortha a bhfuil OTI éagsúil acu, agus trí shrian a chur ar infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht i dtíortha neamh-rannpháirteacha.

Is é ár dtuairim, dá bhrí sin, nach n-urramaíonn an rogha reatha maidir le bunús dlí go leordhóthanach roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, ná prionsabal na tabhartha cumhachtaí. Áirítear le *bainistiú seirbhísí sláinte agus cúraim leighis agus leithdháileadh na n-acmhainní a shanntar dóibh* soláthar poiblí cógas (criticiúil nó neamhchriticiúil) le buiséid phoiblí. Tá creimeadh ar inniúlachtaí náisiúnta i réimse na sláinte fós neamh-inmhianaithe, ós rud é go bhfuil difríocht idir beartais, tosaíochtaí agus buiséid na mBallstát agus nach mór iad a chur in oiriúint do na riachtanais shonracha ar an leibhéal náisiúnta - na riachtanais is gaire do shaoránaigh agus d'othair.

Táimid lánchinnte i gcónaí go bhfuil am fós ann faoi dheireadh an ghnáthnós imeachta reachtaigh chun bunús dlí cuí a roghnú. Is féidir le gníomhartha reachtacha eile a dhéileálann le cásanna casta idirghníomhaíochta idir beartais an mhargaidh inmheánaigh agus beartais sláinte - inniúlacht náisiúnta den chuid is mó, a bheith ina spreagadh, Rialachán AE maidir le HTA ((AE) 2021/2282) mar shampla, a bhfuil **débhunús dlí aige — Airteagal 168 agus Airteagal 114 CFAE.**

Ar deireadh, tugaimid ar aire go mbraitheann cur chun feidhme Airt. 18 (2) agus Airt. 19 go mór ar threoirlínte, ar cheart iad a fhorbairt in am agus i gcomhréir le hinniúlachtaí na mBallstát i réimse an chúraim sláinte.

Táimid tiomanta i gcónaí rannchuidiú go cuiditheach leis na cruinnithe tríthaobhacha atá ar na bacáin, agus é mar aidhm againn creat rialála atá réasúnta, soiléir agus láidir ó thaobh an dlí de a bhaint amach.'

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'Tacaíonn an Iodáil leis an gcomhrac in aghaidh ganntanas agus tá sí i bhfabhar táirgeadh áitiúil na gcógas criticiúil a neartú, óir tá an méid sin ríthábhachtach má táthar le rochtain thráthúil aonfhoirmeach ar chógais chriticiúla a áirithiú ar fud an Aontais.

Leis na bearta dá bhforáiltear sa togra le haghaidh Rialachán maidir le cógais chriticiúla, éascaítear tuilleadh athléimneachta i gcóras cógaisíochta na hEorpa, sa chaoi is go bhfreagraítear tosaíochtaí a shainaithin an Iodáil ar an leibhéal náisiúnta freisin.

Is mian linn aird a dhíriú ar roinnt gnéithe ar díol imní don Iodáil iad, áfach.

**Soláthar comhoibríoch**

Tá an Iodáil den tuairim nár cheart dul i mbun soláthar comhoibríoch, ina ngníomhaíonn an Coimisiún in ainm nó thar ceann na mBallstát, ach amháin i gcás cógais chriticiúla atá gann (agus a mbaineann leochaileacht chruthaithe leo sa slabhra soláthair) nó i gcás catagóirí dea-shainithe cógas, i gcásanna eisceachtúla, mura bhfuil sé cinnte go gceannófar na cógais sin ar an leibhéal náisiúnta toisc daonra beag othar a bheith ann ('galair fíor-neamhchoitianta').
Go deimhin, dar leis an Iodáil, dá mbainfí úsáid as an soláthar comhoibríoch mar phríomhnós imeachta chun raon leathan táirgí íocshláinte a cheannach, d'fhéadfaí drochthionchar a imirt ar an iomaíochas agus ar nósanna imeachta caibidlíochta i mBallstáit neamh-rannpháirteacha.
Dá thoradh sin, d'fhéadfadh praghas tagartha Eorpach a bheith ann, mar dhea, arb airde é ná an praghas a d'fhéadfadh Ballstáit neamh-rannpháirteacha a chaibidil. Ó thaobh cur chun feidhme de, d'fhéadfadh bainistiú an tsoláthair chomhoibríoch a bheith casta sa chleachtas, i dtaobh feidhmiú conarthaí agus díospóidí a d'fhéadfadh a bheith ann. Lena chois sin, dealraíonn sé go bhféadfadh maolú folaigh a bheith ann ar fhorálacha Chonarthaí an Aontais, faoina dtagann praghsáil agus aisíocaíochtaí faoi réim inniúlachta na mBallstát.

**Faisnéis maidir le ceanglais i ndáil le cúlstoic theagmhasachta**

Níl an Iodáil den tuairim nár cheart faisnéis maidir le ceanglais i ndáil le cúlstoic teagmhasachta náisiúnta a thabhairt do EMA ná don Ghrúpa Stiúrtha um Ghanntanais Táirgí Íocshláinte ('an Grúpa Stiúrtha'). Ba cheart bainistiú na faisnéise sin a bheith faoi shainchúram EMA agus an Ghrúpa Stiúrtha, ós iad na comhlachtaí iad atá freagrach as cosaint na sláinte poiblí. Dá réir sin, ba cheart don Ghrúpa Stiúrtha an Grúpa Comhordúcháin um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla a chur ar an eolas, ós rud é go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha ó thaobh na tionsclaíochta de freisin.

Dá ndéanfadh Ballstáit ceanglais i ndáil le cúlstoic teagmhasachta a fhorchur gan comhordú a dhéanamh le Ballstáit eile – fiú dá ndéanfaí sin chun ganntanais a laghdú agus am a thabhairt do na húdaráis náisiúnta sna Ballstáit lena mbaineann gníomh a dhéanamh – d'fhéadfadh éifeacht seach-iarmharta a bheith ann nó d'fhéadfaí ganntanais a chruthú nó a ghéarú i mBallstáit eile. Dá thoradh sin, tá impleachtaí tábhachta ó thaobh na sláinte poiblí de ag baint le soláthar pras na faisnéise maidir le ceanglais cúlstoc teagmhasachta, ós rud é go gcuirfeadh sé ar chumas na mBallstát ganntanais a thuar agus a fhreagairt go tráthúil, ar ganntanais iad a d'fhéadfadh forchur na gcúlstoc teagmhasachta a bheith ina chúis leo. Dá bhrí sin, ba cheart bainistiú na faisnéise sin a bheith faoi shainchúram EMA/an Ghrúpa Stiúrtha um Ghanntanais Táirgí Íocshláinte Criticiúla, ós iad na hinstitiúidí iad atá freagrach as cosaint na sláinte poiblí. Ba cheart do na hinstitiúidí sin an Grúpa Comhordúcháin um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla a chur ar an eolas, toisc go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha don tionsclaíocht. Ina theannta sin, má dhéantar inniúlachtaí a bhaineann leis an tsláinte phoiblí a shannadh don Ghrúpa Comhordúcháin um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla, is deacra a bheidh sé a réimse freagrachtaí a idirdhealú ó réimse freagrachtaí údarás eile a bhfuil sé de chúram orthu an tsláinte phoiblí a chosaint, mar shampla, EMA agus an Grúpa Stiúrtha um Ghanntanais Táirgí Íocshláinte Criticiúla, agus bheadh baol nithiúil ann go mbeadh neamhréir sa bhainistiú a dhéantar ar chásanna aonair dá dheasca sin.'

**<u>Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'A' a leagtar amach in 15840/25</u>**

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2026**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le hAirteagal 15(9) den Bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le trosc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar in 2026**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc trosc ó Muir Bhailt Thoir agus ó Mhuir Bhailt Thiar faoi bhun $B_{lim}$, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2026. Is freagairt é an gealltanas sin ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic trosc ó Muir Bhailt Thoir agus ó Mhuir Bhailt Thiar.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN, ÓN bPOLAINN, ÓN bhFIONLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le hAirteagal 15(9) den Bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le scadán Mhuir Bhailt Thiar in 2026**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais an stoic scadán i Muir Bhailt Thiar faoi bhun $B_{lim}$, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Ghearmáin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an stoc sin in 2026. Is freagairt é an gealltanas sin ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic scadán i Muir Bhailt Thiar.'

**‘RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN, ÓN bhFIONLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le hAirteagal 15(9) sa Bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le bradán sa phríomh- imchuach in 2026**

‘Ós rud é go bhfuil nach mór gach stoc bradán fiáin in aibhneacha i bhforanna 22-29S ICES go maith faoi bhun $R_{lim}$, agus chun téarnamh na stoc a áirithiú, geallfaidh an Danmhairg, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Eastóin nach mbainfidh siad leas as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2026. Is freagairt é an gealltanas sin ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic bradán fiáin in aibhneacha ó dheas go domhanleithead 59 °30′N.

I bhfianaise a theoranta atá imirce na mbradán sna móraibhneacha bradán i Murascaill na Boitnia in 2023 agus 2024, agus chun téarnamh níos tapúla na stoc bradán a áirithiú agus a chur chun cinn, geallann an Fhionlainn nach mbainfidh sí leas as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le cuóta na mbradán sa phríomh-imchuach in 2026. Geallann an tSualainn teorainn a chur leis an leas a bhainfidh sí as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun críoch foghabhála agus gabhálacha dosheachanta amháin. Is freagairt iad na gealltanais sin ar fhorbairt na stoc bradán fiáin in aibhneacha, ar ábhar imní é, i bhforanna 30-31 ICES.’

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le malartuithe cuótaí do throsc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar**

‘De mheon na dlúthpháirtíochta, Ballstát nach bhfuil iomlán a chuóta foghabhála do throsc Mhuir Bhailt Thoir nó Mhuir Bhailt Thiar ag teastáil uaidh, féachfaidh sé le teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí le Ballstát ar féidir leis a léiriú go mbeidh air dul i ngleic le tachtadh iascaigh mar gheall ar na cuótaí teoranta atá aige do throsc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar.’

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN, ÓN EASTÓIN, ÓN LIOTUÁIN AGUS ÓN bPOLAINN maidir le haistrithe cuótaí na mbradán sa phríomh- imchuach**

‘De mheon na dlúthpháirtíochta agus ag aithint na n-iarrachtaí caomhnaithe atá déanta ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn, as ar eascair stoic shláintiúla ina n-uiscí féin, féachfaidh Ballstát nach bhfuil in ann a chuóta iomlán a úsáid do bhradán sa phríomh- imchuach ar an gcuid

sin den chuóta nár úsáideadh nó nach féidir a úsáid a aistriú go dtí an Fhionlainn agus/nó an tSualainn.’

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN AGUS ÓN ÍSILTÍR maidir le hAirteagal 15(9) den Bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an trosc Ioruach sa Mhuir Thuaidh i séasúr iascaireachta 2026**

'Ós rud é go dtuarann ICES go bhfuil bithmhais an troisc Ioruaigh sa Mhuir Thuaidh (NOP/2A3A4.) faoi bhun na teorann Blim agus ós rud é nach molann ICES aon ghabháil le haghaidh shéasúr iascaireachta 2026 (an 1 Samhain 2025 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026), agus chun téarnamh an stoic a áirithiú, geallann an Danmhairg, an Ghearmáin agus an Ísiltír nach mbainfidh siad leas as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an stoc sin i séasúr iascaireachta 2026. Is freagairt é an gealltanas sin ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair don stoc sin.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN nGEARMÁIN maidir leis an rogha tacú le scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)**

'De réir Airteagal 5(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, d'fhéadfaí bearta éigeandála arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas iascaigh a áireamh sna bearta leighis chun críoch Airteagal 5 den Rialachán sin, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

I bhfianaise mheasúnú na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) ar an trosc agus ar an scadán i bhforanna 22-24, measann an Ghearmáin, dá bhrí sin, gur gá bearta éigeandála a ghlacadh de bhun Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Is é atá sna bearta éigeandála i bhforanna 22-24 do shoithí iascaireachta Gearmánacha tréimhse choiscthe 30 lá a thabhairt isteach chun trosc a chosaint sa bhreis ar an gcosc le linn séasúr sceite trosc a leagtar síos in Airteagal 7(3) den Rialachán lena socraítear do 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt nach mbeidh feidhm ag an díolúine atá in Airteagal 7 (4)(b) lena linn, agus teorainn bhreise 30 lá a chur le hiascach scadán ar lena linn a chuirtear isteach ar an díolúine d'iascach cósta áirithe ar mionscála agus iascach foghabhálacha scadán ón toirmeasc díriú ar scadán an iarthair.

Tá an Coimisiún agus an Ghearmáin ar aon fhocal go bhfuil an beart éigeandála sin incháilithe do chistiú faoi Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21(2)(c) den Rialachán sin.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOIMISIÚN, AGUS ÓN DANMHAIRG ÓN nGEARMÁIN, ÓN EASTÓIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN, ÓN bhFIONLAINN agus ÓN tSUALAINN maidir leis an ngéarghá atá le hiascaigh a atógáil i Muir Bhailt**

'Ós feasach dóibh a thábhachtaí atá sé tús a chur go práinneach leis an gconair athbhunaithe do na hiascaigh i Muir Bhailt, comhaontaíonn an Coimisiún, agus an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn gur gá a iarraidh ar an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) foráil a dhéanamh ina cásanna comhairle bliantúla stocshonracha maidir le gabhálacha chun na stoic éisc lena mbaineann a athbhunú go dtí na leibhéil bhithmhaise is gá laistigh de thráthchláir éagsúla. Leis an gcomhairle sin, ba cheart saintréithe bitheolaíocha na stoc a chur san áireamh agus leibhéil ghabhála éagsúla a léiriú don chéim athbhunaithe faoi seach.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOMHAIRLE ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN bhFIONLAINN maidir le scadáin na Boitnia**

'Leagann an Fhionlainn béim ar an imní atá uirthi faoi staid scadáin na Boitnia. Athdhearbhaíonn an Fhionlainn a gealltanas leanúint d'fheabhas breise a chur ar bhailiú sonraí maidir le scadáin na Boitnia d'fhonn na sonraí is déanaí a chur ar fáil do ICES. I gcomhthráth leis sin, iarrfaidh an Coimisiún ar ICES a chomhairle le haghaidh 2026 maidir leis an stoc sin a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar na sonraí is déanaí a chuir an Fhionlainn isteach. A luaithe a thabharfaidh ICES freagra ar an iarraidh sin, breithneoidh an Coimisiún togra a thíolacadh — a luaithe is féidir — chun an TAC a socraíodh le haghaidh 2026 a leasú i gcomhréir leis an gcomhairle nuashonraithe ó ICES.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN, ÓN bhFIONLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le broighill agus rónta**

'Tathantaímid ar an gCoimisiún, gan mhoill, teacht ar réitigh chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar bhroighill mhóra agus rónta, chun a dtionchar ar stoic éisc a chur san áireamh agus chun cothromaíocht an éiceachórais a áirithiú.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an gcomhaontú polaitiúil ar tháinig an Chomhairle air**

'Tugann an Coimisiún dá aire an comhaontú polaitiúil ar tháinig an Chomhairle air maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2026 i Muir Bhailt. Is ábhar imní don Choimisiún é gur lú an seans go rannchuideoidh na gnéithe seo a leanas den chomhaontú sin le hathbhunú na n-iascach a bhraitheann ar athbhunú stoc áirithe dá ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ná go rannchuideoidh an togra ón gCoimisiún léi: (1) gur cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) le haghaidh scadáin na Boitnia, scadáin Mhuir Bhailt Láir agus scadáin Mhuir Bhailt Thiar a bheith socraithe ar leibhéal lena n-áirithítear gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh na stoic faoi bhun an $B_{lim}$ nó go bhfanfaidh siad faoi bhun an $B_{lim}$ in 2027; agus (2) nár cheart gurbh ann d'aon iascach spriocdhírithe, bíodh sé ina iascach tráchtála nó ina iascach áineasa, ar scadáin Mhuir Bhailt Thiar ná ar bhradáin sa phríomh-imchuach (ach amháin nuair a cheadaítear agus mar a gceadaítear iascach tráchtála spriocdhírithe) a molann an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara deireadh a chur leis an iascaireacht uile orthu.'

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN maidir le comhairle ICES agus bainistiú iascaigh bunaithe ar éiceachórais**

'Athdhearbhaíonn an tSualainn a tiomantas do bheartas iascaigh ar bhonn eolaíochta. Tathantaíonn an tSualainn ar an gCoimisiún cur chuige iomlánaíoch a áirithiú sna hiarrataí uaidh a chuirtear faoi bhráid ICES, sa chaoi is go léirítear méid agus struchtúir phobail freisin sa chomhairle eolaíoch a chuireann ICES ar fáil maidir le deiseanna iascaireachta agus go n-áirítear freisin sa chomhairle ó ICES, chomh maith le paraiméadair iascaigh a bheith ann, réaltachtaí casta na n-éiceachóras muirí, lena n-áirítear na héifeachtaí atá ag gníomhaíochtaí an duine, básmhaireacht nádúrtha ó chreachadóirí, agus dinimic éiceachórais níos leithne.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN maidir leis na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt a shocrú le haghaidh 2026**

'Is cúis mhór imní dúinn an próiseas maidir le TACanna agus cuótaí Mhuir Bhailt a shocrú ag cruinniú na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí Dheireadh Fómhair 2025. Níor lean socrú na TACanna agus na gcuótaí raonta na comhairle eolaíche is fearr a bhí ar fáil. Tá sé ríthábhachtach go socrófaí na TACanna de réir raonta a shocraítear i bPlean Ilbhliantúil Mhuir Bhailt nuair a bhíonn na stoic os cionn Blim. Ina theannta sin, tá an díospóid maidir le hAirteagal 4(6) fós gan réiteach agus ní mór aghaidh a thabhairt uirthi go práinneach. Ba é ba chúis leis na pleananna ilbhliantúla an tsuibiachtúlacht i ndíospóireachtaí sa Chomhairle maidir le na deiseanna iascaireachta a laghdú. Ar an drochuair, níl a chúram déanta ag an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt . Cruthóidh maoluithe treallacha ó raonta $F_{MSY}$ fasach contúirteach don phlé a dhéanfar amach anseo maidir le cuótaí arna mbainistiú ag an Aontas.'

---